

Teagasc

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Tacaíochtaí d'fheirmeoirí

Scéimeanna, deontais agus tacaíochtaí
do gach céim de do shaol feirmeoireachta.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tá an leabhrán seo foilsithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) agus Teagasc. Cuireann sí eolas ginearálta ar fáil agus ní léirmhíniú dlíthiúil é.

Meán Fómhair 2026

Teagasc
The Science of Farming and Food

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Clár Ábhar

Réamhrá	**5**
Bheith i d'fheirmeoir	**7**
Ag smaoineamh ar an bhfeirmeoireacht	7
Oideachas agus oiliúint feirmeoireachta	8
Tacaíochtaí d'fheirmeoirí óga	10
Saol an fheirmeora	**15**
Deontais agus scéimeanna feirmeoireachta	16
Daoine a fhostú ar an bhfeirm	24
Do ghnó feirme	26
Sláinte agus sábháilteacht ar d'fheirm	28
Cánachas d'fheirmeoirí	29
Comhpháirtíochtaí feirme le céile nó le páirtí	32
Ag éirí as an bhfeirmeoireacht	**35**
Pleanáil comharbais feirme	35
Pinsin	36
Feirm a fhágáil agus a fháil le hoidhreacht	37



Réamhrá

Is gairm agus stíl mhaireachtála éagsúil í an fheirmeoireacht. Is iomaí dualgas atá i gceist le bheith i d'fheirmeoir amhail bheith i d'úinéir gnó, d'fhostóir agus airíoch na talún.

Tá eolas tábhachtach sa leabhrán seo ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus Teagasc chun tacú leat. Cumhdaítear na céimeanna ar fad de shaol na feirmeoireachta ann agus déantar cur síos ann ar fhreagrachtaí feirmeoireachta mar úinéir gnó agus mar fhostóir araon.

Mínítear sa leabhrán na tacaíochtaí atá ar fáil duit chomh maith agus treoraíonn sé tú chuig tuilleadh faisnéise maidir le gach topaic.

Ba cheart duit an leabhrán seo a léamh má:

- Tá tú ag smaoineamh faoi bheith i d'fheirmeoir
- Tá tú ag gabháil don fheirmeoireacht cheana féin
- Tá sé ar intinn agat éirí as an bhfeirmeoireacht

Má tá ceist nó fadhb shonrach agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Faisnéis do Shaoránaigh nó Teagasc chun tuilleadh comhairle a fháil.

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
Ceannoifig,
Teach Ché Sheoirse,
43 Sráid Chnoc na Lobhar,
Baile Átha Cliath 2
0761 07 9000
info@ciboard.ie
citizensinformationboard.ie

Lean ar na meáin shóisialta muid:
@citizensinformation
@citizensinformation

Bain triail as AskCI, an bota comhrá IS nua againn:
Tabhair cuairt ar **askci.ie** nó **citizensinformation.ie**

Teagasc

Teagasc
Ceannoifig, Baile an Phaghanaigh,
Ceatharlach, R93 XE12
059 9170200
info@teagasc.ie
www.teagasc.ie



Bheith i d'fheirmeoir

D'fhéadfadh sé go dtosófá ag feirmeoireacht toisc go bhfuil tú chun feirm a fháil le hoidhreacht ó ghaol, chun feirm a cheannach nó toisc go bhfuil tú i mbun oibre ar fheirm duine eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh spéis agat sa réimse oibre seo chomh maith. Bealach amháin nó bealach eile, tá go leor rudaí le cur san áireamh má chinneann tú tús a chur le gairm feirmeoireachta.

Ag smaoineamh ar an bhfeirmeoireacht

Má tá tú ar scoil agus tú ag smaoineamh ar ghairm bheatha san fheirmeoireacht, ba cheart duit labhairt le do threoirchomhairleoir chun cúrsaí a phlé.

Más mian leat staidéar a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le **Teagasc** nó leis na hollscoileanna a thairgeann cúrsaí talmhaíochta chun tuilleadh faisnéise a fháil amach faoi chúrsaí agus faoi phrintíseachtaí.

D'fhéadfá smaoineamh ar oibriú ar fheirm mar **oibrí séasúrach** chomh maith. Is bealach iontach é sin chun taithí a fháil ar fheirm féachaint an dtaitneoidh sé leat, sula gcuireann tú tús le cúrsa nó printíseacht.

Conas cóid MF a úsáid
Dírigh an ceamara atá ar do ghuthán cliste ar an gcód MF atádubh agus bán chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin topaic a luaitear.

Más mian leat staidéar a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le **Teagasc** nó leis na hollscoileanna a thairgeann cúrsaí talmhaíochta chun tuilleadh faisnéise a fháil. D'fhéadfá smaoineamh ar oibriú ar fheirm mar **oibrí séasúrach** chomh maith.

Faigh tuilleadh faisnéise faoi **oideachas, deontais agus tacaíochtaí Feirmeoireachta ar an leathanach um Fhaisnéis do Shaoránaigh.**

Oideachas agus oiliúint feirmeoireachta

Is iomaí cúrsa feirmeoireachta atá ann má tá spéis agat san fheirmeoireacht nó má tá tú ag gabháil don fheirmeoireacht cheana féin agus gur mian leat scileanna nua a fhoghlaim. B'fhéidir freisin go gcaithfeá cúrsa feirmeoireachta a dhéanamh chun leas a bhaint as roinnt scéimeanna feirmeoireachta agus íocaíochtaí.

Cuireann Teagasc cúrsaí breisoideachais **QQI** leibhéal 5 agus 6 ar fáil sna coláistí agus ionaid áitiúla atá aige. Cumhdaítear topaicí feirmeoireachta éagsúla sna cúrsaí amhail:

- Meicniú talmhaíochta
- Bainistíocht tréad déiríochta
- Staidéar eachaí
- Foraoiseacht and gairneoireacht

Reáchtálann Teagasc cúrsaí feirmeoireachta ar leibhéal níos airde i gcomhpháirt le coláistí tríú leibhéal ina gcumhdaítear topaicí amhail Eolaíocht Talmhaíochta agus Bainistíocht Talún. Is féidir le réimse **printíseachtaí** cabhrú leat taithí phraiticiúil feirmeoireachta a fháil.

Cuireann cúrsaí áirithe roghanna páirt-aimseartha nó *foghlama cumaisc* ar fáil. Ligeann an fhoghlaim chumaisc duit freastal ar ranganna ar líne agus i láthair sa seomra ranga araon. Is féidir leis sin cabhrú le feirmeoirí scileanna nua a fhoghlaim agus obair feirmeoireachta a dhéanamh ag an am céanna trí fhreastal ar ranganna ón mbaile.

Cuireann Teagasc **cúrsaí do dhaoine fásta agus cúrsaí oideachais leanúnaigh** agus **oiliúint forbartha sa tionscal bia** ar fáil chomh maith.

Deontais a chuideoidh leat an staidéar a dhéanamh

Deontais a chuideoidh leat leis an gcostas staidéir, ina measc:

- An **Scéim um Dheontais do Mhic Léinn**, atá ar fáil do gach mac léinn cáilithe.
- **Scéim Deontais Cothabhála Teagasc do Mhic Léinn**, do mhic léinn atá cláraithe ar chúrsaí lánaimseartha leibhéal 5 nó 6 Teagasc.

Tá na critéir cháilíochta, rátaí agus teorainneacha ioncaim céanna don tástáil acmhainne ag an dá dheontas. Mar sin féin, bíonn an chaoi a ríomhtar d'ioncam don tástáil acmhainne beagán éagsúil do gach deontas.

Cad é an difear atá idir an dá dheontas mic léinn?

Breathnaíonn an Scéim um Dheontais do Mhic Léinn ar an ioncam uile don bhliain chánach roimhe nuair atá an tástáil acmhainne á cur i bhfeidhm dá ndeontas. Mar sin féin, déanann Teagasc meánioncam feirmeoireachta ó fhéinfhostaíocht a ríomh thar na trí bliana roimhe le haghaidh na tástála acmhainne dá ndeontas. Ceadaíonn Deontas Cothabhála Teagasc do Mhic Léinn asbhaintí áirithe nach bhfuil ceadaithe nuair atá ioncam á ríomh don Scéim um Dheontais do Mhic Léinn chomh maith.

Conas iarratas a dhéanamh ar an Scéim um Dheontais do Mhic Léinn

Déanann tú iarratas ar an **Scéim um Dheontais do Mhic Léinn** ar líne gach bliain roimh an dáta deireanach. Ní gá go mbeadh do thorthaí Ardteistiméireachta ná an cúrsa a mbeidh tú a thógáil ar eolas agat chun iarratas a dhéanamh. Is féidir leat an fhaisnéis seo a chur leis ina dhiaidh sin.

Chun clárú le Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) agus iarratas a dhéanamh ar líne ar dheontas mic léinn, teastaíonn an méid seo a leanas uait:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí
- Seoladh ríomhphoist
- Uimhir theileafóin

Conas iarratas a dhéanamh ar Dheontas Cothabhála Teagasc

Íoctar Deontas Cothabhála Teagasc trí do choláiste. Déanann tú iarratas ar an deontas seo trí na **foirmeacha iarratais** a chomhlánú, foirmeacha a bhíonn ar fáil ar shuíomh gréasáin Teagasc ó mhí Iúil i leith gach bliain.

Má chríochnaigh tú cúrsa Leibhéal 5 agus más mian leat cúrsa Leibhéal 6 a dhéanamh, ní mór duit Foirm Athnuachana um Dheontas Cothabhála Teagasc do Mhic Léinn a chomhlánú. Seoltar na foirmeacha seo amach chuig scoláirí go luath i mí Mheán Fómhair.

Faoiseamh cánach do chóiríocht do mhic léinn

Má íocann tú cíos duit féin nó do chóiríocht do pháiste, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh. Laghdaítear do cháin ioncaim faoi mhéid an chreidmheasa leis an **gCreidmheas Cánach Cíosa**. In 2026, tá luach €1,000 ar an gcreidmheas do dhuine aonair nó €2,000 do lánúin a mheasúnaítear go comhpháirteach. Ní féidir leat an creidmheas seo a éileamh má tá gaol agat leis an tiarna talún.

Tacaíochtaí d'fheirmeoirí óga

Tacaíochtaí airgeadais d'fheirmeoirí óga

Tá tacaíochtaí breise ann d'fheirmeoirí óga chun cabhrú leo nuair atá siad ag tosú amach leis an bhfeirmeoireacht. Is féidir le feirmeoirí óga dhá phríomhíocaíocht bhreise a fháil:

- **Tacaíocht Ioncaim Fhorlíontach d'Fheirmeoirí Óga (CIS-YF)** - íocaíocht d'fheirmeoirí óga atá faoi bhun 40 bliain d'aois.
- **An Cúlchiste Náisiúnta: An chatagóir Feirmeora Óig** - cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil d'fheirmeoirí atá faoi bhun 40 bliain d'aois agus atá ag bunú feirme den chéad uair.

Chun cáiliú don dá thacaíocht seo d'fheirmeoirí óga, ní mór duit:

- A bheith faoi bhun 40 bliain d'aois
- Cúrsa aitheanta a bheith déanta agat i dtalmhaíocht ar Leibhéal 6 nó a choibhéis/os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- A bheith á bhunú mar cheann na feirme den chéad uair nó feirm a bheith bunaithe agat laistigh de na cúig bliana roimh do chéad iarratas ar an gCúlchiste Náisiúnta
- Iarratas bailí a bheith curtha isteach agat ar an Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht (BISS), lena n-áirítear an t-iarratas riachtanach do na tacaíochtaí d'fheirmeoirí óga a bhfuil iarratas á dhéanamh agat orthu. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dá íocaíocht ar líne ag **agfood.ie**.

Nasctar na tacaíochtaí seo d'fheirmeoirí óga le d'iarratas BISS agus osclaítear d'iarratasóirí nua iad gach bliain. Is é BISS an phríomhscéim um thacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí.



Tréad-uimhir a fháil

Teastaíonn tréad-uimhir uait má tá tú chun ainmhithe a choinneáil ar d'fheirm, amhail ba, caoirigh nó gabhair. Is í **d'Oifig Tréidliachta Réigiúnach (OTR)** a eisíonn tréad-uimhreacha agus cuidíonn siad chun galair in ainmhithe a bhainistiú.

Má fhaigheann tú tréad-uimhir, ciallaíonn sé sin go bhfuil tú freagrach as aire a thabhairt do na hainmhithe faoin tréad-uimhir sin. Meastar gur feighlí an tréada thú.

Chun cáiliú do thréad-uimhir, ní mór **duit critéir áirithe a chomhlíonadh**. Mar shampla, ní mór duit a bheith os cionn 18 mbliana d'aois agus ní mór claí nó fál ceart a bheith timpeall ar do thalamh. Ní gá duit a bheith i d'úinéir ar na hainmhithe ná ar an talamh chun tréad-uimhir a bheith agat.

Teastaíonn tréad-uimhir uait chun cáiliú do dheontais agus scéimeanna feirmeoireachta áirithe. Mar sin féin, tá sé tábhachtach cuimhneamh air nach aistrítear aon teidlíocht scéime go huathoibríoch nuair a athraíonn tú an t-ainm atá ar thréad-uimhir. Ní mór duit teidlíochtaí BISS a aistriú leo féin.

Iarratas a dhéanamh ar thréad-uimhir

Chun iarratas a dhéanamh ar thréad-uimhir, ní mór duit **foirm ER1** (Foirm Scéimeanna um Dhíothú Galar) a chomhlánú agus a sheoladh chuig **d'Oifig Tréidliachta Réigiúnach (OTR)** áitiúil.

Tá **tuilleadh faisnéise maidir le hiarratas a dhéanamh ar thréad-uimhir** ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is íocaíocht a thacaíonn le feirmeoirí óga atá faoi bhun 40 bliain d'aois í an Tacaíocht Ioncaim Fhorlíontach d'Fheirmeoirí Óga (CIS-YF).



An Cúlchiste Náisiúnta: Cuireann an chatagóir Feirmeora Óig tacaíocht airgeadais ar fáil d'fheirmeoirí atá faoi bhun 40 bliain d'aois agus atá ag bunú feirme den chéad uair.

Faoiseamh cánach d'fheirmeoirí óga

Faoiseamh d'Fheirmeoir Óg Oilte

Ciallaíonn an Faoiseamh d'Fheirmeoir Óg Oilte nach n-íocann tú aon dleacht stampála nuair a aistrítear talamh talmhaíochta chugat. Ní mór duit critéir áirithe a chomhlíonadh.

Ní mór duit:

- A bheith faoi bhun 35 bliain d'aois
- Cáilíocht ábhartha a bheith agat sa talmhaíocht
- Plean gnó a bheith curtha isteach agat chuig Teagasc
- A bheith cláraithe i gcomhair cáin ioncaim
- A bheith i gceannas ar an sealúchas feirme

Ní mór duit é a bheith beartaithe agat freisin:

- 50% ar a laghad de do ghnátham oibre a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh aistrithe ar feadh cúig bliana ar a laghad ó dháta an aistrithe
- Úinéireacht na talún a choinneáil ar feadh cúig bliana ar a laghad ó dháta an aistrithe

Tá teorainn leis an méid faoisimh is féidir leat a éileamh.

Léigh tuilleadh faisnéise faoin **bhFaoiseamh d'Fheirmeoir Óg Oilte ar revenue.ie (pdf).**



Saol an fheirmeora

Ní mór duit roinnt rudaí a chur san áireamh nuair a thosaíonn tú ag feirmeoireacht. D'fhéadfadh sé go mbeifeá ag bunú feirm nua nó ag glacadh seilbh ar ghnó feirme atá ann cheana féin, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh foireann á fostú agat chomh maith. Mar sin, ní mór duit a chinntiú go bhfuil an t-eolas is deireanaí agat maidir le cearta fostaíochta d'oibrithe agus na freagrachtaí atá ort mar fhostóir. D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí agus faoisimh chánach ann ar cheart duit a bheith ar an eolas fúthu chomh maith.

Chun a chinntiú go bhfuil do ghnó inmharthana, ba cheart duit smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar dheontais agus scéimeanna feirmeoireachta chun d'ioncam a fhóirdheonú. Ba cheart duit a bheith ar an eolas faoi na tacaíochtaí leasa shóisialaigh atá ar fáil d'fheirmeoirí má théann tú i sáinn nó má éiríonn tú tinn chomh maith.

Tá teimpléad úsáideach do phlean gnó **'M'Fheirm, Mo Phlean'** ag Teagasc is féidir a líonadh isteach chun cabhrú leat tosú.

Tá tuilleadh faisnéise faoi dheontais feirmeoireachta, saincheisteanna cánach agus do chearta agus freagrachtaí fostaíochta ar an leathanach faoi Shaol an fheirmeora ar an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Faigh liosta de na scéimeanna feirmeoireachta ar fad ar an leathanach gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh maidir le **Deontais agus scéimeanna feirmeoireachta.**

Is féidir leat an teimpléad do phlean gnó **'M'Fheirm, Mo Phlean' (pdf)** a úsáid chun cabhrú leat tosú.

Deontais agus scéimeanna feirmeoireachta

Más feirmeoir thú, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar roinnt scéimeanna feirmeoireachta. Tá íocaíochtaí ann chun d'ioncam a fhóirdheonú agus deontais a chuidíonn le d'fheirm a dhéanamh níos comhaimseartha, níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht.

Tá a gcritéir cháilitheacha agus a bpróiseas iarratais féin ag gabháil le formhór na scéimeanna. Is í an **Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht (BISS)** an príomh-fhóirdheontas ioncaim d'fheirmeoirí. Nuair a dhéanann tú iarratas ar BISS, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar roinnt deontas agus scéimeanna eile trí úsáid a bhaint as d'iarratas BISS chomh maith.

D'fhéadfadh roinnt de na scéimeanna a bheith dúnta d'iarrthóirí nua nó dúnta don bhliain. Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú téarmaí agus coinníollacha aon scéime dá bhfuil tú cláraithe chun a chinntiú go bhfuil tú ag cloí le rialacha na scéime.

An teastaíonn cabhair uait chun iarratas a dhéanamh ar dheontas nó scéim feirme?

Is féidir leat comhairleoir faofa faoin gCóras Comhairliúcháin Feirme (FAS) a fháil chun iarratas a dhéanamh ar BISS agus ar dheontais feirmeoireachta eile ar do shon. Tá comhairleoir FAS cáilithe chun comhairle a thabhairt d'fheirmeoirí ar raon ábhar, lena n-áirítear cur isteach ar dheontais agus scéimeanna. Ní mór duit an comhairleoir FAS a íoc as an tseirbhís seo. Is féidir leat **comhairleoir feirme a aimsiú ar gov.ie**. Faomhtar gach comhairleoir Teagasc faoi FAS.

Faigh tuilleadh faisnéise faoin **Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht (BISS)** ar citizensinformation.ie.

Céard is teidlíochtaí agus coinbhéirseacht íocaíochta ann?

Tá cuid mhaith de na híocaíochtaí rialtais chun d'ioncam feirme a fhóirdheonú, amhail BISS, bunaithe ar *theidlíochtaí íocaíochta*.

Faigheann tú teidlíocht íocaíochta amháin do gach heicteár talún incháilithe. Ach bíonn an luach atá ar gach teidlíocht íocaíochta éagsúil ag brath ar:

- Na rátaí íocaíochta a fuair tú ar scéimeanna íocaíochta dírí roimhe seo
- Aon leithdháileadh teidlíochtaí a fuair tú ón gCúlchiste Náisiúnta mar fheirmeoir óg nó nua
- Coigeartuithe a dhéantar gach bliain chun luach na dteidlíochtaí a chur i dtreo an mheáin náisiúnta. Tugtar coinbhéirseacht air sin. Ciallaíonn sé sin go méadaítear teidlíochtaí íocaíochta níos ísle agus go laghdaítear teidlíochtaí íocaíochta níos airde de réir a chéile.

An Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht

Is í an **Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht (BISS)** an phríomhthacaíocht AE d'fheirmeoirí. Cuireann sé tacaíocht ioncaim ar fáil chun tabhairt faoin bhfeirmeoireacht ar bhealach inbhuanaithe agus é mar aidhm leis a chinntiú gur féidir le feirmeoirí slí bheatha a bhaint as an bhfeirmeoireacht.

Tá an méid a gheobhaidh tú bunaithe ar líon na heicteár a cháilíonn don scéim a bhfuil feirmeoireacht á déanamh agat orthu. **Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar BISS ar líne gach bliain ag myagfood.ie**.

Is iondúil gurb é an 15 Bealtaine an spriocdháta chun iarratais a dhéanamh gach bliain. Is féidir leat d'iarratas BISS a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar scéimeanna eile chomh maith, lena n-áirítear:

- An Scéim um Thacaíocht Ioncaim Athdháilte Fhorlíontach don Inbhuanaitheacht
- Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha
- An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí
- An Scéim Cúnaimh Próitéin

An Scéim um Thacaíocht Ioncaim Athdháilte Fhorlíontach don Inbhuanaitheacht

Is scéim atá ceaptha chun cistí a athdháileadh ó fheirmeacha níos mó chuig feirmeacha atá ar mhéid meánach agus níos lú í an **an Scéim um Thacaíocht Ioncaim Athdháilte Fhorlíontach don Inbhuanaitheacht (CRISS)**. Íoctar CRISS le gach feirmeoir gníomhach ar an gcéad 30 heicteár atá acu.

Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha

Cuireann **Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC)** íocaíochtaí ar fáil do dhaoine a shaothraíonn talamh i limistéir a bhfuil anró suntasach rompu mar gheall ar thosca amhail iargúltacht, talamh crua, fadhbanna aeráide agus drochdhálaí ithreach.

An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí

Soláthraíonn an **Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (OFS)** tacaíocht airgeadais d'fheirmeoirí a shaothraíonn beostoc orgánach nó barra orgánacha. Tá sé mar aidhm aici freisin tionchar comhshaoil na feirmeoireachta a laghdú agus leas ainmhithe a fheabhsú. Tá an méid a gheobhaidh tú bunaithe ar an méid talún a ndéanann tú feirmeoireacht go horgánach uirthi agus ar an méid a tháirgeann tú. Ní féidir le hiarratasóirí nua cur isteach ar an Scéim Feirmeoireachta Orgánaí san am i láthair ach d'fhéadfadh sé go n-athosclófaí í.

An Scéim Cúnaimh Próitéin

Íocaíocht d'fheirmeoirí a fhásann pónairí, piseanna agus lúipíní is ea an **Scéim Cúnaimh Próitéin**. Is barra fosaithe nítrigine iad na barra sin agus baineann buntáistí timpeallachta leo. Athraíonn na rátaí íocaíochta gach bliain ag brath ar líon na ndaoine a chláraíonn don scéim.

Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide

Íocann an **Scéim Timpeallachta Tuaithe Agra-Aeráide (ACRES)** feirmeoirí chun athruithe timpeallachta a dhéanamh ar a bhfeirmeacha chun cabhrú le cur in éadan mheath na bithéagsúlachta. Ní féidir le hiarratasóirí nua cur isteach ar an scéim seo san am i láthair.

Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe

Is tacar scéimeanna atá sna **Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS 3)** a chabhraíonn le feirmeoirí deontais a fháil chun foirgnimh agus trealamh feirme a thógáil agus a fheabhsú. I measc na scéimeanna sin, tá cúnamh **d'fheirmeoirí óga, feirmeoireacht orgánach, leas ainmhithe, fuinneamh gréine, sábháilteacht feirme, feirmeoirí baineanna**. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna seo ar líne ag **myagfood.ie**.

Scéimeanna foraoiseachta

Is iomaí **scéim foraoiseachta** atá ann. Cuirtear deontais ar fáil le roinnt díobh chun cuidiú le daoine foraoisí nua a fhorbairt agus tá cinn eile ann do dhaoine a bhainistíonn foraoisí atá ann cheana. Tá sé d'aidhm ag na scéimeanna a bhaineann le foraoisí nua a fhorbairt borradh a chur faoi chlúdach foraoisí na hÉireann agus cur in aghaidh an athraithe aeráide.

- Teastaíonn ceadúnas foraoisithe (cur crann) agus foraoiseoir cláraithe uait chun cabhrú leat iarratas a dhéanamh ar an **Scéim Foraoisithe**.
- Ní theastaíonn ceadúnas foraoisithe uait chun iarratas a dhéanamh ar **Scéim Cheantar na gCrann Dúchasach**, scéim a íocann airgead leat chun crainn dhúchasacha a chur ar limistéir bheaga talún.

Cuireann Teagasc **comhairle foraoiseachta saor in aisce** ar fáil trí mheán an líonra comhairleoireachta atá aige.

Tacaíochtaí leasa shóisialaigh

Tá tacaíochtaí leasa shóisialaigh ann go sonrach d'fheirmeoirí chomh maith le tacaíochtaí ginearálta eile a d'fhéadfá a fháil, mar shampla, má éiríonn tú tinn.

Cúnamh Feirme

Is íocaíocht leasa shóisialaigh a ghabhann faoi thástáil acmhainne d'fheirmeoirí a bhfuil ioncam íseal acu í **Cúnamh Feirme**. Is ón Roinn Coimirce Sóisialaí atá sí. Ní gá duit a bheith ar fáil le dul ag obair chun cáiliú don íocaíocht.

Le cáiliú do Chúnamh Feirme, ní mór duit:

- A bheith i d'fheirmeoir
- A bheith ag saothrú talún in Éirinn
- A bheith idir 18 agus 66 bliain d'aois
- Tástáil acmhainne a shásamh

Ní mór duit a léiriú go bhfuil d'acmhainn faoi leibhéal áirithe. Nuair a dhéanann tú iarratas ar Chúnamh Feirme, tugann oifigeach leasa shóisialaigh cuairt ort chun an tástáil acmhainne a dhéanamh. Breathnóidh siad ar na foinsí ioncaim ar fad atá agat don tástáil acmhainne, lena n-áirítear d'ioncam, do shócmhainní agus aon réadmhaoin eile atá agat seachas do theach.

Tá rialacha measúnaithe difriúla ann i gcás cineálacha difriúla ioncaim. Ó thaobh ioncam feirme de, déantar 70% den ioncam a mheasúnú. Mar sin féin, tá neamhaird bhliantúil €254 ann don chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus €381 don tríú leanbh agus leanaí eile.

Is é €254 an íocaíocht phearsanta uasta is féidir leat a fháil in aghaidh na seachtaine. Is féidir leat méaduithe a fháil ar an íocaíocht seo má tá cleithiúnaí aosaithe nó leanaí cleithiúnacha agat.

Chun iarratas a dhéanamh ar Chúnamh Feirme, líon isteach an **fhoirm FARM 1 (pdf)** agus tabhair ar ais chuig d'Ionad Intreo nó d'Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh áitiúil í.

Is féidir leat an fhoirm seo a fháil ag **d'Ionad Intreo nó d'Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh áitiúil** nó **d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh** chomh maith.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus íocaíochtaí eile i rannán leasa shóisialaigh an **tsuímh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh**.

Cén sainmhíniú atá ar fheirmeoir?

Is féidir leis an sainmhíniú atá ar fheirmeoir a bheith éagsúil d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh, CBL, cáin agus íocaíochtaí AE. Mar sin, ba cheart duit seiceáil a dhéanamh i gcónaí go gcomhlíonann tú an sainmhíniú atá ar fheirmeoir don íocaíocht is mian leat a éileamh.

Ó thaobh Cúnamh Feirme de, meastar gur feirmeoir thú má dhéanann tú feirmeoireacht ar thalamh atá faoi úinéireacht nó ar léas agat agus a úsáideann tú chun críche *fearachais*. Ciallaíonn fearachas go n-oibrítear an talamh d'fhonn bia a bhaint ón talamh.

Ó thaobh na Scéime Sóisialta Tuaithe de, ní mór duit cruthúnas a thabhairt go bhfuil tú ag feirmeoireacht ar bhonn gníomhach. Ní mór go mbeadh deimhniú den iarratas a rinne tú ar an Scéim um Thacaíocht Ioncaim Bhunúsach don Inbhuanaitheacht (BISS) don bhliain reatha agat, lena n-áirítear tréad-uimhir bhailí. Déan teagmháil leis an Scéim Shóisialta Tuaithe chun comhairle a fháil mura ndearna tú iarratas ar BISS.

Sochair leasa shóisialaigh eile

Má tá Cúnamh Feirme á fháil agat, d'fhéadfadh sé go gcáileofá do na híocaíochtaí seo a leanas chomh maith:

- **Liúntas Breosla** – íocaíocht chun cuidiú leis an gcostas a bhaineann le do theach a théamh le linn an gheimhridh
- **Cárta leighis** – cáilíonn neart feirmeoirí do chártaí leighis fiú mura bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu
- **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua**
- **Bónas na Nollag**
- An **Scéim Shóisialta Tuaithe** agus **Cláir Fostaíochta Pobail**

Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Cuardaitheora Poist

Má bhí tú fostaithe ach tá tú as obair anois, d'fhéadfadh sé go gcáileofá don **Sochar Cuardaitheora Poist** ach do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha agat. Má cháilíonn tú don Sochar Cuardaitheora Poist agus do Chúnamh Feirme araon, is féidir leat an íocaíocht is fabhraí duit a roghnú.

Tá an Sochar Cuardaitheora Poist faoi réir cánach agus níl an Cúnamh Feirme faoi réir cánach. Má tá Sochar Cuardaitheora Poist á fháil agat, ní mór go mbeifeá ar fáil le dul ag obair agus obair a bheith á lorg agat ar bhonn gníomhach.

D'fhéadfadh sé go gcáileofá don **Sochar Pá-Choibhneasa Cuardaitheora Poist** má bhí tú go hiomlán dífhostaithe ar nó i ndiaidh an 31 Márta 2025 agus má tá do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat ag Aicme A, H nó P. Nasctar an íocaíocht seo go díreach le do thuilleamh ó obair a rinne tú sular dífhostaíodh thú.

D'fhéadfadh sé go gcáileofá don **Liúntas Cuardaitheora Poist** mura gcáilíonn tú don Sochar Cuardaitheora Poist agus mura sásaíonn tú tástáil acmhainne. Arís, ní mór duit a bheith ag lorg oibre ar bhonn gníomhach. Má tá tú incháilithe don Liúntas Cuardaitheora Poist agus do Chúnamh Feirme araon, is féidir leat cibé ceann a oireann duit a roghnú. Bíonn Cúnamh Feirme níos fabhraí i gcás fhormhór na bhfeirmeoirí.

Scéim Shóisialta Tuaithe

Tá an **Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS)** dírithe ar fheirmeoirí agus iascairí ísealioncaim. Faigheann tú íocaíocht 'bhreise' anuas ar d'íocaíocht leasa shóisialaigh mar mhalairt ar sheirbhísí a théann chun leasa do phobail áitiúil a chur ar fáil. Áirítear an méid seo a leanas ar an gcineál oibre a d'fhéadfá a dhéanamh don scéim:

- Cothabháil a dhéanamh ar bhealaí siúil agus ar bhóithre portaigh
- Obair caomhnaithe fuinnimh
- Cúram sóisialta agus cúram do dhaoine scothaosta
- Cúram pobail do ghrúpaí réamhscoile agus iarscoile
- Airíochas in áiseanna pobail agus spóirt
- Obair riaracháin pobail

Is féidir leat **treoirlínte maidir leis an Scéim Shóisialta Tuaithe** de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a léamh.

Ní mór duit 19.5 uair an chloig d'obair a dhéanamh in aghaidh na seachtaine. Tá na huaireanta seo bunaithe ar sceideal a oireann d'fheirmeoirí ionas gur féidir leat páirt a ghlacadh sa scéim gan tionchar a bheith aici ar do ghníomhaíochtaí feirmeoireachta. Chun cáiliú don Scéim Shóisialta Tuaithe, ní mór duit:

- Tá tú 25 bliain d'aois nó níos sine
- Tá tú ag feirmeoireacht nó ag iascaireacht ar bhonn gníomhach
- Tá Cúnamh Feirme nó íocaíocht leasa shóisialaigh eile, amhail Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Breoiteachta, á fáil agat

D'fhéadfadh sé go gcáileofá do RSS chomh maith má tá tú 25 bliain d'aois nó níos sine, má tá ceann amháin de na híocaíochtaí cáilithe á fháil agat agus má chomhlíonann tú ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

- Tá tú ag feirmeoireacht nó ag iascaireacht ar bhonn gníomhach agus tá 'nasc sainithe' agat le sealbhóir uimhreach feirmeoireachta nó ceadúnais iascaireachta
- Tá tú i lánúin atá ag feirmeoireacht nó ag iascaireacht ar bhonn gníomhach – is féidir leat agus do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir araon leas a bhaint as an scéim RSS

Ní mór duit a chruthú go bhfuil tú ag feirmeoireacht ar bhonn gníomhach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit cóip de d'iarratas BISS don bhliain reatha a chur ar fáil, lena n-áirítear tréad-uimhir bhailí. Chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an **eagraíocht a chuireann RSS i bhfeidhm** i do cheantar chun foirm iarratais a fháil.

Is féidir leat **treoirlínte maidir leis an Scéim Shóisialta Tuaithe** de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a léamh.

Tacaíochtaí má éiríonn tú tinn

Má éiríonn tú tinn, d'fhéadfadh sé go mbeifeá in ann iarratas a dhéanamh ar íocaíocht leasa shóisialaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun tacú leat. Chun cáiliú d'íocaíocht leasa shóisialaigh toisc go bhfuil tú breoite nó faoi mhíchumas, ní mór go ndeimhneodh dochtúir go bhfuil tú tinn nó faoi mhíchumas.

D'fhéadfadh sé go bhfaighfeá **Sochar Breoiteachta** mura féidir leat dul ag obair toisc go bhfuil tú tinn nó breoite. Ní mór duit a bheith faoi bhun aois phinsin agus na coinníollacha ÁSPC a chomhlíonadh. Má tá tú féinfhostaithe agus má íocann tú ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme S, ní cháilíonn tú don Sochar Breoiteachta.

D'fhéadfadh sé go bhfaighfeá **Pinsean Easláine** mura bhfuil tú in ann dul ag obair mar gheall ar thinneas nó míchumas fadtéarmach agus má chumhdaítear faoi **árachas sóisialach (ÁSPC)** thú. Is féidir le daoine féinfhostaithe a bhfuil a ndóthain ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme S íoctha acu an Pinsean Easláine a fháil.

D'fhéadfadh sé go bhfaighfeá **Liúntas Míchumais** má thagann míchumas ort. Chun cáiliú dó, ní mór go mbeifí ag súil leis go leanfadh do ghortú, do ghalar, nó do mhíchumas fisiciúil nó meabhrach ar aghaidh ar feadh bliain amháin ar a laghad agus ní mór go mbeadh sé ina shrian suntasach ort obair a dhéanamh. Íocaíocht a ndéantar tástáil acmhainne ina leith é an Liúntas Míchumais.

Má éiríonn tú tinn agus mura gcáilíonn tú d'íocaíocht ar bith, d'fhéadfadh sé go mbeifeá fós in ann **Liúntas Leasa Forlíontach** a fháil. Is liúntas seachtainiúil é seo a íoctar le daoine nach bhfuil a ndóthain ioncaim acu chun freastal ar a gcuid riachtanas bunúsach.

Daoine a fhostú ar an bhfeirm

Sula bhfostaíonn tú oibrithe ar d'fheirm

Sula bhfostaíonn tú aon duine chun oibriú ar d'fheirm, ní mór duit a bheith soiléir faoin gcúis a bhfuil tú á bhfostú. Ní mór duit a bheith cinnte freisin go dteastaíonn oibrithe breise ó do ghnó agus go bhfuil tú in acmhainn íoc astu. Tá treoir ag Teagasc ina dtugtar comhairle ar an bpróiseas maidir le duine a fhostú: **Lámhleabhar Saothair Feirme Teagasc – Dea-Chleachtas maidir le Fostaithe a Earcú agus a Bhainistiú (pdf)**.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi **chearta agus coinníollacha fostaíochta d'oibrithe** ar an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Post an fhostóra

Má fhostaíonn tú daoine chun oibriú ar d'fheirm, ní mór duit do chuid freagrachtaí mar fhostóir a bheith ar eolas agat agus déanamh cinnte go bhfaigheann do chuid oibrithe a mbunchearta fostaíochta. Ní mór duit:

- Sábháilteacht, sláinte agus leas do chuid oibrithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta go praiticiúil
- Déanamh cinnte go bhfaigheann do chuid oibrithe sosanna cearta, tréimhsí scíthe agus saoire bhliantúil mar is ceart
- Déanamh cinnte go bhfaigheann do chuid oibrithe ráiteas i scríbhinn ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha a gcuid fostaíochta
- An t-íosphá ar a laghad a íoc agus duillíní pá a thabhairt do do chuid oibrithe
- An méid ceart cánach, ÁSPC agus Muirear Sóisialta Uilíoch a asbhaint as pá do chuid fostaithe agus iad a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim
- Taifid a choinneáil ar an bpá atá íoctha agat, na huaireanta oibre agus eolas eile

Má theastaíonn comhairle agus tacaíocht uait faoi chúrsaí fostaíochta, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an **gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi **chearta agus coinníollacha fostaíochta d'oibrithe** ar an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Pinsean uathchláraithe

Má fhostaíonn tú oibrithe lánaimseartha, páirtaimseartha nó séasúracha ar d'fheirm, ní mór duit cloí le rialacha nua an Rialtais do **phinsean uathchláraithe**.

Is é Mo Chiste don Todhchaí an scéim coigiltis scoir uathchláraithe nua de chuid an Rialtais. Ón 1 Eanáir 2026 i leith, cláraítear gach fostaí i Mo Chiste don Todhchaí go huathoibríoch:

- Mura n-íocann siad isteach i bpinsean trí phárolla
- Má tá siad idir 23 agus 60 bliain d'aois
- Má thuilleann siad €20,000 nó níos mó in aghaidh na bliana trasna a gcuid fostaíochta go léir, nó níos mó ná €5,000 thar thréimhse 13 seachtaine

Mar fhostóir acu, ní mór duit ranníocaíochtaí pinsin d'fhostaithe a éascú má cháilíonn nó má liostálann siad don scéim.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi **d'oibleagáidí mar fhostóir** ag MyFutureFund.ie. Tá **Ceisteanna Coitianta faoi uathchlárú d'fhostóirí atá ina bhfeirmeoirí** ag Comharghrúpa Cuntas Feirme na hÉireann.

Do ghnó feirme

Gnó is ea feirm. Mar sin, tá sé an-tábhachtach go dtuigeann tú an méid atá i gceist le gnó a reáchtáil.

Do ghnó feirme a thosú

Má tá gnó feirme á thosú agat, ba cheart duit:

- An smaoineamh le haghaidh do ghnó a fhorbairt
- Labhairt le do chomhairleoir feirme
- Plean gnó a scríobh amach
- Struchtúr dlíthiúil a roghnú
- Smaoineamh ar do cheanglais chánach
- D'fhostaithe a chlárú
- Fáil amach faoi roghanna maoinithe

Tá go leor tacaíochtaí ann chun cabhrú leat do ghnó a bhunú agus **maoiniú a fháil**.

Oifigí Fiontair Áitiúla

Má theastaíonn cabhair uait chun do ghnó a phleanáil, nó má tá comhairle uait faoin gcaoi le tosú, **déan teagmháil le d'Oifig Fiontair Áitiúil**. Cuireann sí cúrsaí oiliúna, meantóireacht agus tacaíochtaí airgeadais ar fáil chun cabhrú leat do ghnó a thosú agus a leathnú.

Fiontraíocht Éireann

Cuireann Fiontraíocht Éireann deontais, dearbháin, scéimeanna agus comhairle ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta.

Do ghnó feirme a éagsúlú

Is féidir leat ioncam teaghlaigh breise a ghiniúint trí ghnóthaí nua a chur le do ghnó feirme traidisiúnta. Tugtar éagsúlú feirme air sin. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbunófá feirm pheataireachta nó go dtáirgfeá bia ceardaí ardchaighdeáin taobh le do ghnáthghníomhaíochtaí feirme.

Is iomaí féidearthacht atá ann chun d'fheirm a éagsúlú. Cuireann na fiontair is fearr leis an ngnó feirme atá agat cheana féin trí shreabhadh airgid a fheabhsú, brabús a chur leis agus do rioscaí a laghdú. Mar sin féin, is féidir leis na gnóthaí nua seo am agus airgead a bhaint ó do ghnó feirme. Mar sin, tá sé tábhachtach go bpleanálann tú agus go bhfaigheann tú comhairle sula mbunaíonn tú gnó nua.

Reáchtálann Teagasc clár **Roghanna do Theaghlaigh Feirme** freisin chun cabhrú leat smaointe nua a fhorbairt le haghaidh d'fheirme agus ioncam breise a ghiniúint.


D'fhéadfadh sé go mbeifeá in ann maoiniú a fháil do ghnóthaí nua a éagsúlaíonn d'fheirm. Mar shampla, tacaíonn **clár LEADER don Fhorbairt Tuaithe** le fiontair phríobháideacha agus grúpaí pobail a chuireann feabhas ar chaighdeán na beatha agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe.

Cuireann Faisnéis do Shaoránaigh **treoir céim ar chéim** ar fáil maidir le gnó a chur ar bun in Éirinn.

Cuireann Teagasc **bileoga eolais agus físeáin ina bhfuil faisnéis** faoi éagsúlú feirme ar fáil agus is féidir leis comhairle a chur ort faoin bpróiseas chomh maith.



Cuireann Faisnéis do Shaoránaigh **treoir céim ar chéim** ar fáil maidir le gnó a chur ar bun in Éirinn.





Cuireann Teagasc **bileoga eolais agus físeáin ina bhfuil faisnéis** faoi éagsúlú feirme ar fáil agus is féidir leis comhairle a chur ort faoin bpróiseas chomh maith.

Sláinte agus sábháilteacht ar d'fheirm

Is féidir leis an bhfeirmeoireacht a bheith ina post dainséarach agus is í an tsábháilteacht an tosaíocht is mó ar d'fheirm dá bharr sin. Tarlaíonn thart ar **4,500 gortú** agus níos mó ná **20 bás** ar fheirmeacha i gcaitheamh na bliana. Mar sin, tá sé tábhachtach go dtuigeann tú agus d'oibrithe na rialacha sábháilteachta agus go gcloíonn sibh leo chun a chinntiú gur áit shábháilte í d'fheirm chun oibriú.

Measúnuithe riosca agus ráitis shábháilteachta

Tá **an tÚdarás Sláinte agus Sábháilte (HSA)** freagrach as sláinte agus sábháilteacht ar fheirmeacha. Mar fheirmeoir, ní mór duit **measúnú riosca (pdf)** a chomhlánú, rud a chabhraíonn leat riosca ar bith ar d'fheirm a aithint agus céimeanna a ghlacadh chun timpistí a chosc.

Má fhostaíonn tú triúr oibrithe nó níos mó ar d'fheirm, ní mór duit ráiteas sábháilteachta a chomhlánú. Tá sé sin cosúil le measúnú riosca ach tá tuilleadh sonraí i gceist leis. Tá tuilleadh faisnéise ag an HSA faoin **gcaoi le ráiteas sábháilteachta a scríobh**.

Ba cheart go mbeadh rochtain ag gach duine a oibríonn ar d'fheirm ar na doiciméid sábháilteachta seo. Is féidir le cigire HSA na doiciméid seo a scrúdú freisin agus iallach a chur ort iad a leasú má fheictear dóibh nach bhfuil siad leordhóthanach.

Timpistí ar an bhfeirm a thuairisciú

Má ghortaítear thú nó fostaí ar d'fheirm agus ní féidir leat/leo oibriú ar feadh níos mó ná trí lá as a chéile, ba cheart duit an teagmhas a thuairisciú don HSA.

Is féidir leat timpiste a thuairisciú trí úsáid a bhaint as an **gcóras um thuairisciú timpistí agus eachtraí contúirteacha ar líne** de chuid an HSA.

Tá tuilleadh faisnéise ar Gov.ie faoi **shábháilteacht feirme** agus tá faisnéis ag Teagasc faoi **shláinte agus sábháilteacht ar an bhfeirm.**

Cánachas d'fheirmeoirí

Gearrtar cáin ort ar na brabúis a dhéanann tú ó do ghnó feirme agus ar aon ioncam eile atá agat. Is ionann brabús feirme agus an t-ioncam a thuilleann tú ón bhfeirmeoireacht lúide do chostais incheadaithe a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht. Tá tú freagrach as taifid a choimeád agus as measúnú a dhéanamh ar an méid cánach a bheidh dlite gach bliain.

Má tá tú ag feirmeoireacht mar dhuine aonair, íocann tú cáin ioncaim ar do bhrabúis. Má tá tú ag feirmeoireacht trí chuideachta, caithfidh tú Cáin Chorparáide (CC) a íoc ar do bhrabúis.

An Muirear Sóisialta Uilíoch

Is cáin ar d'ioncam é an **Muirear Sóisialta Uilíoch**. Ní mór duit é a íoc más mó d'ollioncam (d'ioncam roimh cháin) ná €13,000 in aghaidh na bliana. Tá liúntais chaipitil a bhaineann leis an bhfeirm inasbhainte. Faigh tuilleadh faisnéise faoi na rátaí MSU reatha agus ioncam díolmhaithe ar **citizensinformation.ie**.

ÁSPC d'fheirmeoirí

Más feirmeoir féinfhostaithe thú, íocann tú **ÁSPC Aicme S**. Nuair a íocann tú ÁSPC, cuireann tú le do theidlíochtaí ar shochair árachais shóisialaigh.

Cumhdaíonn **ranníocaíochtaí Aicme S** thú ar feadh líon teoranta íocaíochtaí. Go ginearálta, ní chumhdaíonn siad thú le haghaidh íocaíochtaí gearrthéarmacha ar bith, lena n-áirítear íocaíochtaí breoiteachta agus míchumais. Ní chumhdaíonn siad thú le haghaidh Sochar Cuardaitheora Poist. Má chomhlíonann tú na coinníollacha eile ar fad, ciallaíonn ranníocaíochtaí Aicme S go bhféadfá an méid seo a leanas a fháil:

- Sochar Máithreachais
- Sochar Atharthachta
- Scéim Sochair Cóireála
- Sochar Cuardaitheora Poist (Féinfhostaithe)
- Íocaíocht sochair do dhaoine atá 65 bliain d'aois
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Sochar Uchtaíoch
- Sochar Tuismitheora
- Pinsean Easláine
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)
- Sochar Cumais Pháirtigh
- Pinsean Stáit (Ranníocach)

Nuair atá tú féinfhostaithe, cláraíonn tú le haghaidh féinmheasúnú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus cláraítear go huathoibríoch thú le haghaidh ÁSPC ansin. Nuair a chuireann tú do thuairisceáin chánach bhliantúla isteach, inseoidh na Coimisinéirí Ioncaim duit más gá duit ÁSPC a íoc. Mura gcaitheann tú ÁSPC a íoc, b'fhéidir go bhféadfá ranníocaíochtaí saorálacha a íoc chun do thaifead árachais shóisialta a choinneáil ar bun. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi na rialacha agus rátaí le haghaidh **ÁSPC Aicme S** ar citizensinformation.ie.

Ranníocaíochtaí ÁSPC le haghaidh do chéile nó do pháirtí

Má tá do chéile nó do pháirtí ag cuidiú leat ar an bhfeirm, is féidir leo ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh agus sochair ÁSPC a fháil. Go ginearálta, íocann do chéile nó do pháirtí ÁSPC i dtrí chás:

1. Comhpháirtíocht tráchtála

Tá comhpháirtíocht tráchtála ar siúl agat agus ag do chéile ar bhonn gníomhach. Ciallaíonn sé sin go gcaitear leo mar ranníocóir féinfhostaithe aonair agus tá siad freagrach as ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a dhéanamh. Ligeann na ranníocaíochtaí seo (ag Aicme S ÁSPC) dóibh a dtaifead árachais féin a chur le chéile agus sochair ghaolmhara a fháil. Is é Pinsean Stáit (Ranníocach) an príomhshochar atá ann.

2. Cuideachta theoranta

Má tá gnó teaghlaigh corpraithe mar chuideachta theoranta, is féidir le céilí nó páirtithe a bhfuil baint acu leis an ngnó taifead árachais shóisialaigh a chur ar bun mar fhostaithe nó mar ranníocóirí féinfhostaithe, ag brath ar cé acu atá conradh seirbhíse ann nó nach bhfuil.

3. Tuilleamh lasmuigh den fheirm nó fostaithe roimhe seo

Is féidir le céilí feirmeoireachta taifead árachais shóisialaigh a chur le chéile bunaithe ar a gcuid tuillimh lasmuigh den fheirm. Chomh maith leis sin, is féidir le céilí nó páirtithe feirmeoireachta a fostaíodh roimhe sin a gcumhdach árachais shóisialaigh a choinneáil go fadtéarmach trí ranníocaíochtaí ÁSPC deonacha a íoc.

Is féidir leat tuilleadh a léamh **faoi bhaill teaghlaigh a fhostú agus ÁSPC** ar citizensinformation.ie.

Faoisimh chánach agus liúntais d'fheirmeoirí

Is féidir le faoisimh chánach agus liúntais d'fheirmeoirí cabhrú leis an méid cánach a íocann tú a laghdú.

Ioncam ó léasú fadtéarmach

Má tá talamh ar léas agat go fadtéarmach, d'fhéadfadh an t-ioncam a fhaigheann tú as sin a bheith díolmhaithe ó cháin suas go dtí tairseach áirithe. Chun cáiliú, ní mór go mairfeadh an léas cúig bliana nó níos mó mar aon le bheith i scríbhinn agus d'fhonn an talamh a oibriú chun bia a fhás. Ní cháilíonn léasaí atá idir dlúthghaolta don fhaoiseamh sin. Féach ar **revenue.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Faoiseamh Talmhaíochta ar Cháin Fáltas Caipitiúil

Nuair a thugtar réadmhaoin talmhaíochta mar thabhartas nó nuair a fhágtar le hoidhreacht í, is féidir laghdú 90% a chur ar a luach margaidh ar mhaithe leis an gcáin á ríomh. Ní mór don té a fhaigheann an réadmhaoin a bheith ag feirmeoireacht go gníomhach nó ní mór go mbeadh an réadmhaoin ar léas ar bhonn fadtéarmach i gcomhair úsáid talmhaíochta le feirmeoirí gníomhacha. Féach ar **revenue.ie (pdf)** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Díolúine chánach foraoiseachta

Tá ioncam, lena n-áirítear deontais agus préimheanna, ón bhforaoiseacht tráchtála díolmhaithe ó cháin ioncaim ach níl sé díolmhaithe ón ÁSPC ná ón Muirear Sóisialta Uilíoch. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi bhrabúis a thuilltear ó **áitiú coillearnaí (pdf)** ar revenue.ie.

An Scéim Comhpháirtíochta Feirme Comharbais

Is dreasacht cánach ioncaim í an **Scéim Comhpháirtíochta Feirme Comharbais** chun feirmeoirí seanbhunaithe a spreagadh chun comhpháirtíochtaí a bhunú le feirmeoirí óga, oilte agus ar a laghad 80% d'úinéireacht a gcuid sócmhainní feirme a aistriú chucu ansin.

Is fiú creidmheas cánach bliantúil €5,000 suas go dtí 5 bliana an dreasacht. Chun cáiliú don dreasacht sin, ní mór duit critéir áirithe a chomhlíonadh, ina measc, go bhfuil comharbaí amháin ar a laghad faoi bhun 40 bliain d'aois agus go bhfuil cáilíocht talmhaíochta aige nó aici.

Comhpháirtíochtaí feirme le céile nó le páirtí

Is éard is comhpháirtíocht ann ná caidreamh atá ann idir daoine a bhfuil freagracht chomhroinnte orthu as gnó. Ní mór do do chéile nó do pháirtí critéir áirithe a chomhlíonadh ionas go measfar iad mar chomhpháirtí gníomhach i do ghnó feirmeoireachta. Ní bhíonn comhpháirtíocht ann díreach mar thoradh ar chomhúinéireacht a bheith agat agus ag do chéile nó do pháirtí ar fheirm.

Céilí agus gaolta daoine féinfhostaithe a chabhraíonn leis an ngnó a reáchtáil, ach nach comhpháirtithe gnó gníomhacha iad, ní íocann siad ÁSPC. Mar sin, níl siad i dteideal íocaíochtaí agus sochair árachais shóisialaigh.

Nuair atá cinneadh á dhéanamh más ann do chomhpháirtíocht, nó má bhí sí ann san am atá thart, déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh ar do chás chun a fháil amach má tá feidhm ag cúpla ceann den mhéid seo a leanas nó acu ar fad:

- Tá comhaontú comhpháirtíochta scríofa ann (níl sé seo riachtanach de réir an dlí)
- Scríobhann gach duine agaibh seiceanna ar na cuntais ghnó in bhur gceart féin
- Tá comhchuntas gnó ann
- Is léir dóibh siúd atá i mbun gnó leis an gcomhpháirtíocht go bhfuil comhpháirtíocht ann
- Cuireann gach páirtí go suntasach le reáchtáil an ghnó
- Tá an gnó faoi chomhúinéireacht ag an gcomhpháirtíocht
- Comhroinneann gach comhpháirtí brabúis agus caillteanais na comhpháirtíochta

Más ann do chúpla ceann díobh seo nó gach ceann acu, is dócha go measfar gur comhpháirtíocht é an socrú ansin. Nuair a oibríonn tú le do chéile i gcomhpháirtíocht ghnó, ní mór duit tuairisceáin chánach a dhéanamh faoi chóras féinmheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní mór go léireodh na tuairisceáin chánach sin ioncam na comhpháirtíochta de chuid an dá chéile ionas gur féidir na ranníocaíochtaí ÁSPC a ríomh go cruinn.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi **Chomhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe** ag teagasc.ie.

Stádas comhpháirtíochta a éileamh go cúlghabhálach

Má bhí tú féin agus do pháirtí nó do chéile ag feirmeoireacht i gcomhpháirtíocht ach nach ndúirt sibh go raibh sibh i gcomhpháirtíocht nuair a bhí tuairisceáin chánach agus ÁSPC á ndéanamh agaibh, is féidir leat stádas comhpháirtíochta a éileamh ina dhiaidh sin.

Is féidir leat é sin a dhéanamh ionas go measfar do chéile nó do pháirtí mar dhuine féinfhostaithe inárachais chun críocha leasa shóisialaigh. D'fhéadfadh sé go gcáileoidís do shochair ábhartha ansin, amhail an Pinsean Stáit Ranníocach.

Más mian leat comhpháirtíocht a éileamh go cúlghabhálach, ní mór go mbeadh doiciméid tacaíochta agat do na blianta ábhartha.

Má chinneann cigire leasa shóisialaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí go raibh comhpháirtíocht ann, is féidir le do chéile ranníocaíochtaí Aicme S a íoc do na blianta caite sin. Oibrítear amach na ranníocaíochtaí atá dlite trí ioncam na comhpháirtíochta (do gach bliain a bhí an chomhpháirtíocht ann) a roinnt idir tú féin agus do chéile. Déantar na dliteanais ÁSPC a ríomh arís ansin. Is féidir le do chéile aon ranníocaíocht ÁSPC bhreise atá dlite a bhailiú ansin.

Ní mór do do chéile na critéir eile ar fad a chomhlíonadh chun cáiliú don phinsean. Is é sin an cás fiú má bhí an chomhpháirtíocht ann agus íocann do chéile aon ranníocaíocht árachais shóisialaigh gan íoc. Ba cheart duit féachaint ar an liosta iomlán de choinníollacha cáilitheacha do shochair agus do phinsin sula gcinneann tú iarratas a dhéanamh ar stádas comhpháirtíochta cúlghabhálaí. Is féidir le **d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh áitiúil** cabhrú leat a fháil amach dá gcáileofá do phinsean.

Is féidir leat dul chuig teagasc.ie chun **Treoirlínte maidir le comhpháirtíocht feirme chláraithe a chruthú (pdf)** a léamh.



Ag éirí as an bhfeirmeoireacht

Más mian leat éirí as nó seasamh siar ón bhfeirmeoireacht, ba cheart duit comhairle a fháil agus labhairt le do theaghlach faoi na pleananna atá agat don fheirm. Má tá plean maith i bhfeidhm agat atá aontaithe le do theaghlach agus le do chomharbaí, ba cheart go mbeadh an próiseas níos éasca.

Pleanáil comharbais feirme

Is í **an phleanáil comharbais feirme** an próiseas ina n-oibrítear amach an chaoi a n-aistreofar d'fheirm chuig duine eile nuair a éiríonn tú as an bhfeirmeoireacht nó nuair a sheasann tú siar uaithi. Cumhdaíonn an plean an chaoi a n-aistreoidh tú úinéireacht na feirme, ach d'fhéadfadh aistriú scileanna, eolais, agus saothair a bheith i gceist leis freisin.

Is féidir leis an bpróiseas a bheith casta, mar sin ní mór duit é a phleanáil go cúramach chun achrann idir an teaghlach a sheachaint agus chun a chinntiú go mbaintear lánúsáid as aon dreasachtaí.

Ba cheart duit neart ama a bheith agat freisin chun an plean a dhéanamh, mar ní mór duit rudaí cosúil le bheith ag íoc isteach i bpinsean don uair a rachaidh tú ar scor a chur ar bun i bhfad sula n-aistríonn tú d'fheirm.

Is í an phleanáil comharbais feirme an próiseas ina n-oibrítear amach an chaoi a n-aistreofar d'fheirm chuig duine eile nuair a éiríonn tú as an bhfeirmeoireacht nó nuair a sheasann tú siar uaithi.

Is féidir le comhpháirtíocht feirme chláraithe bealach a chur ar fail chun seasamh siar ón bhfeirmeoireacht ghníomhach fad a leantar le baint a bheith sa ghnó. Is féidir leat **tuilleadh faisnéise a fháil** ar gov.ie.

Faigh comhairle agus labhair le do theaghlach

Ba cheart duit labhairt le do chomhairleoir feirme ar dtús. Beidh tuiscint mhaith acu ar an gcaoi a n-oibríonn do ghnó feirme agus taithí ar aistrithe feirme eile, mar sin beidh siad in ann cabhrú leis an bpróiseas. Inseoidh siad duit freisin faoin tionchar a bheidh ag an aistriú ar aon scéimeanna agus faoin uair a theastóidh aturnae agus cuntasóir uait.

Ba cheart duit déanamh cinnte go mbíonn baint ag an teaghlach ar fad sa phróiseas chomh maith. Cuideoidh sé má bhíonn plé oscailte agaibh faoina dteastaíonn ó gach duine sula ndéanann tú plean. B'fhéidir gur mhaith le níos mó ná duine amháin den teaghlach go bhfágfaí an fheirm acu le hoidhreacht agus i gcásanna eile, b'fhéidir nach mbeadh aon duine den teaghlach á hiarraidh.

Má tá tú ag aistriú na feirme chuig leanbh amháin, b'fhéidir gur mhaith leat socruithe eile a dhéanamh do na leanaí eile le déanamh cinnte go mbainfidh siad go léir leas as. Mar shampla, d'fhéadfá suíomh tí nó cúnamh airgeadais a thabhairt do leanbh nach bhfuil ag fáil na feirme.

Reáchtálann Teagasc clinicí maidir le Feirm Teaghlaigh a Aistriú gach bliain. Tabhair cuairt ar **teagasc.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Pleanáil don uair a bheidh tú ar scor

Beidh ort smaoineamh ar an gcaoi a dtiocfaidh tú slán ó thaobh cúrsaí airgid de tar éis duit an fheirm a aistriú. Mar shampla, an mbeidh tú sách sean chun an **pinsean Stáit** nó **pinsean príobháideach** a fháil nó an mbeidh ioncam agat ón bhfeirm go fóill? D'fhéadfadh sé go mbeadh ort smaoineamh ar shocruithe tithíochta freisin má tá tú i do chónaí ar an bhfeirm faoi láthair.

Pinsin

Má d'íoc tú ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme S don chuid is mó de do shaol oibre, is dócha go gcáileoidh tú do Phinsean Stáit (Ranníocach) nuair a bhaineann tú aois an phinsin amach. Mura bhfuil do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC déanta agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach), pinsean a ndéantar tástáil acmhainne ina leith.

D'fhéadfadh sé go mbeifeá i dteideal **Saorthaistil** agus **Pacáiste Sochair Teaghlaigh** chomh maith.

Is féidir leat éileamh a dhéanamh ar son do chéile nó do pháirtí mar dhuine fásta cáilithe ar do phinsean. Cuirfear aon ioncam atá acu san áireamh nuair atá sé sin á ríomh.

Má bhí do chéile nó do pháirtí ina gcomhpháirtí i do ghnó, d'fhéadfadh sé go gcáileofá do Phinsean Stáit (Ranníocach) nach ndéantar tástáil acmhainne air ina gceart féin.

Feirm a fhágáil agus a fháil le hoidhreacht

Tá céimeanna éagsúla i gceist nuair atá feirm á fágáil ag do theaghlach le hoidhreacht.

Is féidir leat an fheirm a aistriú fad is atá tú beo, nó féadfaidh tú socrú a dhéanamh í a aistriú tar éis do bháis. Chun é sin a dhéanamh, beidh ort **uacht a dhéanamh**. Mura ndéanann tú uacht, roinnfear amach do chuid sócmhainní de réir na ngnáthrialacha. Luaitear sna rialacha sin:

- Gheobhaidh do chéile dhá trian de do shócmhainní
- Gheobhaidh do chuid leanaí aon trian de do shócmhainní

B'fhéidir nach n-oirfeadh sé sin duit, má tá sé i gceist agat d'fheirm a aistriú chuig leanbh amháin, mar shampla. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi **uacht a dhéanamh**, agus **céard a tharlóidh mura ndéanann tú uacht** ar an suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Cánacha agus ceisteanna nuair atá feirm á fáil le hoidhreacht

Má fhaigheann tú feirm le hoidhreacht nó má aistrítear feirm chugat, b'fhéidir go gcaithfeá cánacha a íoc amhail an **Cháin Fáltas Caipitiúil** nó **dleacht stampála** a íoc. D'fhéadfadh faoisimh chánach éagsúla a bheith ar fáil duit chun na cánacha sin a laghdú. B'fhéidir go gcaithfeá freisin:

- Sonraí clárúcháin an tréada a athrú
- Ord agus eagar a chur ar aon íocaíochtaí atá fós le híoc ó scéimeanna agus teidlíochtaí scéime a aistriú

Tá **treoir ina bhfuil faisnéis faoin bhfeirm theaghlaigh a aistriú** ar fáil ag Teagasc.

Faigh tuilleadh faisnéise faoin gcaoi le **pleanáil i gcomhair comharbas feirme** ar citizensinformation.ie.



Déan teagmháil le
d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh áitiúil

Cuir glao ar an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh ar 0818 07 4000
Luan go hAoine, 9am - 8pm

Téigh chuig citizensinformation.ie

An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faisnéis, comhairle agus abhcóideacht neamhspleách ar fáil maidir le seirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, tríd an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh agus trí líonra na Ionaid Eolais do Shaoránaigh ar fud na tíre (IFSs). Táimid freagrach as an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) agus cuirimid an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (SAN) ar fáil.

Ceannoifig
an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Teach Ché Sheoirse, 43 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2
01 6059000
info@ciboard.ie
citizensinformationboard.ie

Teagasc

Is é Teagasc, an tÚdarás um Thalmhaíocht agus Forbairt Bia, an comhlacht náisiúnta a chuireann taighde comhtháite, seirbhísí comhairleacha agus oiliúna ar fáil don tionscal talmhaíochta agus bia agus do phobail tuaithe.

Ceannoifig
Teagasc, Baile an Phaghanaigh, Ceatharlach, R93 XE12
059 9170200
info@teagasc.ie
www.teagasc.ie

Tiocfaidh tú ar d'Oifig Comhairliúcháin Áitiúil le **haimsitheoir oifigí Teagasc**.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland